# AR CHUALA TÚ?

## Teacht le Chéile- Buddies Gaeilge

''Mol an óige agus tiocfaidh sí' a deir an seanfhocal. Bhuel, tá ardmholadh cinnte le tabhairt do Buddies Gaeilge Chonamara Láir as an obair ar fad atá déanta acu i mbliana as cuidiú leis na múinteoirí agus Pleanáil Teanga Chonamara Láir an Ghaeilge a chur chun cinn ina scoil.



Cuireadh an scéim seo i bhfeidhm i scoileanna Chonamara Láir ag tús na scoilbhliana. Is cur chuige comhoibríoch atá i gceist idir na daltaí sna hardranganna agus na daltaí óga. Bíonn na daltaí níos sine ag feidhmiú mar mheantóir/cúntóir Gaeilge chun cabhrú leis na páistí eile. Tugann siad cúnamh le léitheoireacht nó le cluichí Gaeilge a imirt sa chlós. Is í fís an tionscadail seo ná spreagadh a thabhairt do na meantóirí Gaeilge a bheith muiníneach agus iad ag labhairt na teanga agus bród agus meas a chothú don Ghaeilge.
Reáchtáladh cúpla ócáid chun na Buddies as na scoileanna ar fad a thabhairt le chéile. I mí Eanáir, ghlac siad páirt i gceardlann le Fighting Words, ansin bhí ócáid mhór, 'Aistear na Scoile' i mí an Mhárta chun aitheantas a thabhairt dóibh féin agus do choistí Gaeilge na n-iarbhunscoileanna i Halla Pobail Chill Chiaráin.



Chun críoch mhaith a chur leis an mbliain, eagraíodh teacht le chéile eile in Ionad na nImirceach, Carna. Chuir Veronica Ní Loideáin tús bríomhar leis an mhaidin le cluichí beaga agus chabhraigh na páistí lena chéile roinnt staidiúirí

ióga a chleachtadh.
Tar éis an tsosa agus na sólaistí, reáchtáladh Tráth na gCeist Boird. Cuireadh na daltaí i bhfoirne de sheisear agus bhí an-spraoi acu ag freagairt na gceisteanna ar fad. Bail ó Dhia orthu, bhí siad in ann acu!
Fuair gach foireann duais ag an deireadh - caipíní gréine deasa gorma le lógó Phleanáil Teanga Chonamara Láir. Bhí siad an-sásta leo agus bhí siad á gcaitheamh go bródúil (féach thíos an ngrianghraf a sheol Scoil na Maighdine Mhuire gan Smál, Camus, chugainn).
Ar an iomlán, d'fhreastail os cionn 80 dalta ar an ócáid idir na scoileanna ar fad. Bhí sé go hálainn agus tábhachtach deis a thabhairt dóibh bualadh le chéile agus meascadh arís.
Ba mhaith linn buíochas mór ó chroí a ghlacadh leis na Buddies Gaeilge agus le:

- Foireann na scoileanna ar fad
- Veronica Ní Loideáin
- Mairéad Uí Dhomhnaill a léigh na ceisteanna amach
- Mary Uí Fhlatharta a d'ullmhaigh na ceisteanna
- Foireann Ionad Cuimhneacháin na nImirceach
- Connemara Catering
- Tiománaithe bus



## Comóradh ar Chumann Chapaillíní Chonamara

Tá Cumann Lucht Chapaillíní Chonamara ag ceiliúradh 100 bliain ar an bhfód i mbliana. Níl a fhios ag formhór na daoine go raibh fear as Ros Muc, Micheál Ó Máille, ina cheannródaí san iarracht capall Chonamara a chaomhnú agus a fhorbairt agus bhí baint mhór aige le bunú an chumainn i 1923.
Eagraíodh ócáid chomóraidh an mhí seo caite agus nochtadh plaice ómóis chuimhneacháin ar bhalla theach na Máilleach i Ros Muc.
Eagraíodh ócáid chomórtha an mhí seo caite agus nochtadh plaic ómóis agus chuimhneacháin ar bhalla theach na Máilleach i Ros Muc. I láthair ag an ócáid bhí Mary Uí Chadhain, Cathaoirleach Bhord Údarás na Gaeltachta agus gariníon le Willie Roe, duine de bhunaitheoirí an Chumainn.




Ar ndóigh, tá clú agus cáil fós ar mhianach chapaillíní Chonamara ar fud na cruinne, á bhuíochas le fear as Ros Muc a d'aithin an tábhacht a bhain leis an bpór uathúil a chaomhnú breis is céad bliain ó shin.

# Comórtas Peile na Gaeltachta 2023

**Ba mhaith le foireann Chonamara Láir comhghairdeas mór a dhéanamh leis na rothaithe ar fad a chríochnaigh an turas rothaíochta 320 km go dtí na Rosann, Dún na nGall. D'fhág siad páirc Charna maidin Déardaoin, an 1ú Meitheamh, agus shroich siad íochtar na Rosann an tráthnóna dár gcionn. Is iontach an éacht atá bainte amach acu chun airgead a bhailiú le háiseanna nua spóirt a thógáil i gCarna do Chomórtas Peile na Gaeltachta 2028.**
**Ar ndóigh, bhí slua breá á leanúint agus ag fanacht leo chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Cé nár bhuaigh siad corn an chomórtais, bhí siad ar rothaí an tsaoil agus iad ag bualadh bóthair abhaile.**
**Tá an feachtas bailithe airgid fós ar siúl agus is féidir síntiús a thabhairt ar an leathanach 'iDonate'.**







## Scéim na bPrintíseach

www.udaras.ie



Más athrú saoil, athrú ceirde nó ceird a fhoghlaim atá ag teastáil uait, tapaigh an deis leis an Scéim Scoláireachta do Phrintísigh atá á reáchtáil ag Údarás na Gaeltachta. Tá os cionn 50 scoláireacht printíseachta de luach níos mó ná €2,000 an ceann ar fáil ón eagraíocht chun tacú le daoine gur mian leo cáilíocht a bhaint amach in aon cheann de na Scéimeanna Printíseachta Caighdeánbunaithe atá aitheanta ag SOLAS. Tá Scéim Scoláireachta do Phrintísigh – Samhradh 2023 oscailte anois! Spriocdháta Dé hAoine 14/7/2023

# Turas Cultúir & Oidhreachta



Ar an 21ú Mheithimh, d'eagraigh Oifigigh Pleanála Teanga Chonamara Theas Turas Cultúir agus Oidhreachta don phobal don dara bliain as a chéile. Scal an ghrian tar éis maidin fhliuch agus iad ag cur tús lena dturas chuig Tobar Naomh Anna i dTír an Fhia, Leitir Móir.

D'inis Sailí Ní Ghionnáin faoi scéal Naomh Anna, an oidhreacht a bhaineann leis an tobar féin agus na míorúiltí a tháinig as.

As sin, chuadar chomh fada le Fáinne Chamuis agus bhíodar faoi dhraíocht ag na radhairc áille atá le feiceáil ón bpointe sin. Deirtear nach bhfuil ach struchtúr amháin eile dá leithéid ar domhan agus tá sé sin lonnaithe sa Phortaingéil.

Cuireadh fáilte chroíúil rompu i dTeach Scríbe áit ar tógadh sos beag le haghaidh tae/caifé agus sólaistí. Thug Bríd Ní Chonghaile agus John Joe Ó Flatharta eolas faoi stair na háite agus bhí deis ag na rannpháirtithe na seomraí codlata a fheiceáil chomh maith leis an spá agus shiúil siad thart ar na tailte áille taobh amuigh.

Lean siad ar aghaidh siar ansin go Ros Muc agus chomh fada le Tobar Bhriocáin, áit ar bhuail fear ón mbaile, Máirtín Ó Conaire, leo agus thug sé píosa cainte faoi Naomh Briocán agus scéalta eile faoi bhaile Chill Bhriocáin.

Fágadh slán le Ros Muc agus thaistil siad go dtí an Pota. Bhí ceapairí breátha, sceallóga agus tae/caife ag fanacht rompu ansin agus shuí siad amuigh faoin ngrian ag ithe, ag caint agus ag comhrá.

Thug siad aghaidh ansin píosa beag soir an bóthar agus bhuail siad isteach chuig An Garraí Glas. Fuair siad léargas ar an obair a bhíonn ar siúl ag Aonghus agus an fhoireann ar fad. Thug Aonghus féin ar thuras timpeall an tsuímh iad agus thaispeáin sé na tithe gloine dóibh agus na glasraí, torthaí agus plandaí orgánacha a tháirgeann agus a dhíolann siad.

Tríd agus tríd, bhain gach duine an-sult as an turas agus dúirt siad go bhfuil siad ag súil go mór leis an gcéad ceann eile. Ba mhaith le Oifigigh Pleanála Teanga Chonamara Theas buíochas a ghlacadh leis na daoine seo a leanas:

- An grúpa álainn agus fuinniúil a bhí ar an turas
- Sailí Ní Ghionnáin agus Máirtín Ó Conaire
- Foireann Theach Scríbe
- Diarmuid agus a fhoireann sa bPota
- Aongus (Johnny Chóil Mhaidhc) Ó Coisdealbha
- An tiománaí bus







# Teagascóirí á lorg

Tá Ealaín (na Gaeltachta) Teo. ag cur painéal teagascóirí le chéile a mbeadh suim acu ranganna sna healaíona dúchasacha (ceol uirlise, damhsa, lúibíní agus agallamh beirte, amhránaíocht) a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge, i nGaeltacht Chonamara agus Árann, idir Meán Fómhair 2023 agus Meitheamh 2024.

Má tá suim agat a bheith ar an bpainéal seo, nó chun tuilleadh eolais agus foirm iarratas a fháil, déan teagmháil le Máire Ní Thuathail - Riarthóir Clár Cuisle. Sonraí teagmhála: m.nithuathail@udaras.ie
















**An bhfuil suim agat tacú le foghlaimeoirí Gaeilge? Tá Pleanáil Teanga Chonamara Láir ag lorg cainteoirí dúchais ó Chonamara Láir le bheith mar mheantóirí do Scéim Gaelchara 2023.**
**Beidh ar an bhfoghlaimeoir agus an cainteoir dúchais 30 uair a chloig ar a laghad a chaitheamh ag labhairt agus ag cleachtadh na Gaeilge le chéile. Is féidir na huaireanta sin a dhéanamh am ar bith taobh istigh de thréimhse 6 mí.**
**Gheobhaidh an cainteoir dúchais agus an foghlaimeoir €250 an duine. Breis eolais le fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig ocpt@conamaralair.ie**

## Scoláirí na hArdteiste 2022-2023





*Comhghairdeas le scoláirí na hArdteistiméireachta ó Choláiste na bPiarsach agus Scoil Phobail Mhic Dara a chríochnaigh a gcuid scrúduithe móra le gairid. Ádh mór oraibh go léir le bhur dtorthaí san Fhómhar*

## Club Mara Chonamara Láir

**Chríochnaigh grúpa ó Chlub Mara Chonamara Láir an Teastas Náisiúnta Cumhachtbhád faoi Oideachas Pobail le GRETB le gairid. Ba iad Donnchadh Mc Cobb ó Chumann Seoltóireachta na hÉireann & Sam Kelly ón Atlantic Marine Training a bhí mar theagascóirí.**
**Comhghairdeas libh ar fad.**



gretb

### CÚRSA AG TOSÚ I MÍ MEÁN FÓMHAR: PÁISTÍ LE RIACHTANAISÍ BREISE/ COURSE STARTING IN SEPTEMBER : CHILDREN WITH ADDITIONAL NEEDS

### Ionad Breisoideachais Ros Muc

QQI Leibhéal 5
Lá amháin sa tseachtain. Cuir isteach air ar líne ag fetchcourses.ie ag úsáid an uimhir tagartha seo 375911. Chun tuilleadh eolais a fháil glaoigh air: 091 574411 nó 086 0653897 nó cuir ríomhphost ag mairead.seoige@gretb.ie

# Coirnéal Chomhrá




## **Aoi na míosa:** Sarah Ní Chuirrín

**1.Aon ainm eile a bhfuil aithne ag daoine ort?** Níl aon ainm eile a bhfuil aithne ag daoine orm, Sarah amháin.

**2.Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Tá mé i mo chónaí le taobh na farraige i gCill Chiaráin

**4.Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Is í an Ghaeilge mo theanga dhúchais agus is í a laibhrím í i gcónaí.

**5.An mbíonn tú in ann go leor de do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Bím, tá súil agam an MGO (Máistir Gairmiúil san Oideachas) a dhéanamh i mí Mhéan Fómhair, Máistreacht san Oideachas trí Ghaeilge.

**6.Céard é an béile is fearr leat?** Ó ceist dheacair, ach is dóigh liom gurb é an béile is fearr liom ná Curaí Sicín Dearg Thai.

**7.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Gan dabht is é Tigh Chadhain i gCill Chiaráin an bhialann is mó a thaitníonn liom. Déanann said Curaí Sicín Dearg Thai álainn

**8.Céard é an boladh is fearr leat?** Is breá liom an boladh Sol de Janeiro uimhir 62.

**9.Cén clár teilifíse a bhfuil tú ag féachaint ar faoi láthair?** Táim ag féachaint ar an gclár teilifíse céanna ar feadh blianta- Friends, is breá liom é.

**9.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Thosaigh ag imirt peil aríst i mí Eanair le Cumann Peile na mBan Carna Caiseal agus taitníonn sé go mór liom

**12.An tsaoire is mó a bhfuil cuimhní agat uirthi & cén fáth?** Sa bhliain 2012, chuaigh mé fhéin agus mo chlann go dtí Disneyland i bPáras. Bhí an oiread spraoi againn ar na rollchóstóirí agus chuaigh muid suas ar an Túr Eiffel freisin.

**13.Cén saghas scannán ina bhfuil suim agat ann?** Is maith liom scannáin 'Rom-Com" agus is maith liom na scannáin Disney chomh maith.

**14.Dá mbeadh tú chun leabhar a cheannach – cén sórt leabhar a cheannófa?** Thosaigh mé ag léamh leabhar nua an tseachtain seo, 'Glow' le Georgie Crawford.

**15.An noiméad den lá is fearr leat?** Am bricfeasta, is breá liom uibheacha nó leite agus torthaí le haghaidh bricfeasta.

**16.An t-am den bhliain is fearr leat?** An t-am den bhliain is fear liom ná deireadh an earraigh, nuair a bhíonn na laethanta ag éirí níos faide.

**17.Aon chomhairle a cuireadh ort?** An chomhairle is fearr a tugadh dom ná 'Ní rachaidh an rud atá i ndán duit tharat'.



## Comórtas Grianghrafadóireachta

Comhghairdeas mór le Máire Ní Éinniú a bhuaigh comórtas mhí an Mheithimh. Tógadh an pictiúr álainn seo ar Oileán Máisean.
Is é Simon Boyle, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, atá i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.
Seolaigí bhur ngrianghraif do chomórtas mhí Iúil chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara Láir.

## Logainm na Míosa:

### Aill na Brón

*"Ainm ó aill atá ar an gcósta anseo a ngearrtaí brónna muilinn (quern stones) aisti sa tseanaimsir"*

*-tógtha as an leabhar 'Conamara Theas- Áit agus Ainm le Tim Robinson' (aistrithe ag Liam Mac Con Iomaire)*

## Seanfhocal na Míosa:

### Munar tháinig tú faoi bhláth, ná bí i do dhealg


**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair


'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir


**Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.**